C/2024/6300

22.10.2024

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

lena gcuirtear i láthair nuashonrú 2024 ar an bplean cur chun feidhme ilbhliantúil maidir le timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí a bhunú

(C/2024/6300)


1. Cúlra

Tá an Rialachán maidir le timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí (Rialachán EMSWe) ([1]) bunaithe ar an líonra atá ann cheana d'ionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta (IIMNanna), agus leagtar amach leis timpeallacht choiteann idir-inoibritheach maidir le longa faisnéis a thuairisciú do dhaoine ar an gcladach le linn cuaird ar chalafort. Leis an Rialachán tugtar de chumhacht don Choimisiún tacar sonraí caighdeánaithe a shainiú lena gcumhdófar na hoibleagáidí tuairiscithe ar fad, agus comhéadain agus seirbhísí coiteanna a fhorbairt agus a chothabháil do na hIonaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta (IIMNanna). Beidh feidhm aige ón 15 Lúnasa 2025 ar aghaidh. Déantar an plean cur chun feidhme ilbhliantúil sin a thabhairt cothrom le dáta gach bliain i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán EMSWe, tar éis comhairliúcháin iomchuí a dhéanamh le saineolaithe náisiúnta. Ghlac an Coimisiún an chéad leagan den doiciméad sin in 2021 ([2]) agus tugadh cothrom le dáta ansin é in 2023 ([3]).

2. Ailtireacht TF EMSWe

Is timpeallacht dhíláraithe é EMSWe atá bunaithe ar líonra IIMNanna. Cuireann gach ceann de na IIMNanna sin an méid seo a leanas ar fáil: (i) modúl comhéadain comhchuibhithe maidir le tuairisciú (RIM) le haghaidh cumarsáid córas go córas; agus (ii) comhéadan grafach úsáideora (GUI) chun gur féidir le dearbhóirí oibleagáidí tuairiscithe a chur in iúl ó úsáideoir go córas. Cuirtear leis an timpeallacht le seirbhísí coiteanna amhail: (i) clárlann úsáideoirí agus córas bainistíochta rochtana EMSWe (URAM); (ii) bunachair sonraí choiteanna; agus (iii) seirbhís choiteann seolacháin (CAS).

Ailtireacht ardleibhéil EMSWe thart ar IIMN amháin



Léirítear san fhíor thuas ailtireacht ardleibhéil EMSWe ó pheirspictíocht Ballstáit, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí an IIMN le dearbhóirí, soláthraithe seirbhíse sonraí agus córais údaráis na mBallstát.

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 64.
([2]) IO C 299, 27.7.2021, lch. 3.
([3]) IO C, C/2023/100, 6.10.2023.

Liostaítear na comhpháirteanna thíos:

Eilimint	Cur síos	Airteagail
1	IIMN	Airteagal 2(3)
2	GUI	Airteagail 2(9), 6(4)
3	RIM	Airteagail 2(4), 6(1)
4	URAM	Airteagal 12(1), (2), (3)
5	CAS	Airteagal 2(10)
6	Bunachar sonraí long EMSWe (ESD)	Airteagal 14
7	Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann	Airteagal 15
8	Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha	Airteagal 16
9	Bunachar Sonraí Comhchoiteann maidir le Sláintíocht Long	Airteagal 17
10	SafeSeaNet (córas náisiúnta SafeSeaNet agus lárchóras SafeSeaNet)	Airteagal 8(4)

3. **Reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh**

Go dtí seo, tá na gníomhartha tánaisteacha seo a leanas glactha ag an gCoimisiún:

— Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205 ([4]) lena leagtar síos tacar sonraí EMSWe;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/204 ([5]), ina bhfuil an chéad tacar de shonraíochtaí agus rialacha maidir leis na gnéithe comhchuibhithe de na IIMNanna agus maidir le trí bhunachar sonraí coiteanna faoi EMSWe ([6]);

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2790 ([7]) lena leagtar síos sonraíochtaí RIM agus an chórais URAM.

Bhí na trí ghníomh thánaisteacha sin le glacadh faoin 15 Lúnasa 2021. Mar gheall ar roinnt tosca, áfach, amhail paindéim COVID-19 agus castacht theicniúil mhéadaithe lena n-éilítear comhairliúchán fairsing le saineolaithe ó na Ballstáit, ba léir go raibh an spriocdháta sin ró-uaillmhianach. Dá bhrí sin, glacadh an gníomh deireanach an 14 Nollaig 2023. Mar sin féin, chun dlús a chur le cur chun feidhme Rialachán EMSWe, thosaigh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an tionscal, ar na príomh-chomhpháirteanna coiteanna (RIM agus URAM) agus an Treoir Cur Chun Feidhme Teachtaireachtaí (MIG) a ullmhú sular glacadh an reachtaíocht thánaisteach a luaitear thuas (féach Caibidil 5 le haghaidh tuilleadh eolais).

Is mar seo a leanas atá an phleanáil i ndáil leis na gníomhartha tánaisteacha eile:

— tacar sonraí EMSWe a nuashonrú ([8]) (beartaithe do 2024);

— sonraíochtaí CAS a leagan síos (beartaithe do 2025);

— sonraíochtaí an Bhunachair Sonraí Comhchoiteann maidir le Sláintíocht Long a leagan síos (beartaithe do 2025);

([4]) IO L 33, 3.2.2023, lch. 24.
([5]) IO L 33, 3.2.2023, lch. 1.
([6]) Tá na teimpléid scarbhileoige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/204 á bhforbairt ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) agus cuirfear ar fáil go táscach iad faoi R3 2024.
([7]) IO L, 2023/2790, 18.12.2023.
([8]) Déanfaidh an Coimisiún tacar sonraí EMSWe a nuashonrú go rialta i gcomhréir le hAirteagal 3(3), le cúnamh teicniúil EMSA.

— liosta a tharraingt suas den fhaisnéis ábhartha atá le hathúsáid agus le cur ar fáil le haghaidh cuaird ar chalafort ina dhiaidh sin (le cinneadh) ([9]).

4. **Straitéis um dhul i gcomhairle le páirtithe leasmhara**

Chun a áirithiú go rachfar i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit agus leis an bpobal gnó ar bhealach trédhearcach agus i bhfad roimh ré, in 2023 bhunaigh an Coimisiún sainghrúpa, an Grúpa Eorpach um Chomhordú Ionaid Ilfhreastail Mhuirí (ECG). Is iad comhaltaí ECG comhordaitheoirí náisiúnta EMSWe mar a leagtar síos in Airteagal 18 de Rialachán EMSWe. Tugtar cuireadh freisin do na príomhchomhlachais tionscail a bheith ina mbreathnóirí ar an ngrúpa. Tagann an sainghrúpa sin le chéile go rialta agus cuireann sé ar chumas an Choimisiúin faireachán a dhéanamh ar na forbairtí agus an dul chun cinn a phlé. Cuireann sé fóram ar fáil freisin do na Ballstáit chun dea-chleachtais a phlé.

Ós rud é go gcumhdaítear roinnt foirmiúlachtaí custaim dul isteach/imeachta le Rialachán EMSWe, is minic go dtéann Coimisiún i gcomhairle leis na grúpaí saineolaithe custaim, amhail an Grúpa um Chomhordú Leictreonach Custaim agus/nó an Grúpa Gnó Custaim (atá á mbainistiú ag AS TAXUD). Téann an Coimisiún i gcomhairle leis na sainghrúpaí custaim sin trí bhíthin cruinnithe comhpháirteacha.

Chun a áirithiú go mbeidh idirnascadh agus idir-inoibritheacht leanúnach ann idir EMSWe agus córas an Aontais um malartú faisnéise muirí (SafeSeaNet), oibríonn an Coimisiún i gcomhar leis an nGrúpa Stiúrtha Ardleibhéil um Rialú an Chórais Dhigitigh Mhuirí agus Seirbhísí Digiteacha Muirí (HLSG), atá inniúil maidir le haon athrú ar chóras SafeSeaNet.

5. **Amchlár maidir le comhpháirteanna agus seirbhísí coiteanna a fhorbairt agus a thástáil**

Modúl comhéadain maidir le tuairisciú (RIM)

Tar éis leagan 1.0 a eisiúint i mí Lúnasa 2022, eisíodh an leagan nuashonraithe 3.0 de RIM i mí na Nollag 2023. Áiríodh feidhmiúlachtaí breise sa leagan nuashonraithe 3.0 sin agus áirithítear leis comhlíonadh na sonraíochtaí RIM atá i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2790. Cuireadh an doiciméadacht uile is gá maidir le comhtháthú ina IIMN ar fáil do na Ballstáit. Ba cheart do na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, tástálacha comhréireachta a dhéanamh ar dtús chun a sheiceáil gur comhtháthaíodh an RIM maidir le tuairisciú i gceart san IIMN. Ba cheart dóibh tástálacha a dhéanamh ansin agus áirithiú go ndéanfar an comhtháthú is gá leis na húdaráis eile lena mbaineann. Ansin, in éineacht lena bpáirtithe leasmhara tionscail, ba cheart dóibh naisc agus próisis uile a IIMN ar fad a thástáil.

Chun feidhmiú RIM a chomhlánú, rinne EMSA – i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, le tionscal na loingseoireachta agus leis na Ballstáit – MIG a fhorbairt agus a chur ar fáil do na Ballstáit i mí na Nollag 2023. Tugann MIG tuairisc ar na teachtaireachtaí (foirmiúlachtaí agus freagairtí) atá le malartú idir seoltóirí agus na IIMNanna trí RIM, mar a cheanglaítear le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2790. Ó shin i leith, rinne EMSA MIG a bheachtú a thuilleadh agus tá ionadaíocht theicniúil fhoirmiúlachtaí agus fhreagairtí MIG á forbairt aige (comhaid sainmhínithe scéimre XML - XSD). Táthar ag súil leis go bhfoilseoidh an Coimisiún, i gcomhar le EMSA, MIG le sonraíochtaí teachtaireachta teicniúla le haghaidh úsáid tionscail ag deireadh R3 2024, agus go gcoinneoidh sé ar bun ar bhonn rialta é.

Clárlann úsáideoirí agus córas bainistíochta rochtana EMSWe (URAM)

In éineacht leis an modúl comhéadain maidir le tuairisciú, i mí na Nollag 2023 bhunaigh an Coimisiún clárlann choiteann úsáideoirí agus córas coiteann bainistíochta rochtana (URAM) chun fíordheimhniú seoltóirí (dearbhóirí agus soláthraithe seirbhíse sonraí) a nascann le RIM de chuid Ballstáit a éascú. Cuireadh seirbhísí lárnacha URAM ar fáil i dtimpeallacht tástála comhréireachta do na Ballstáit chun tástálacha comhtháthaithe a dhéanamh ar na nasc agus ar na hidirghníomhaíochtaí idir a gcuid seirbhísí RIM agus URAM. Déanfaidh na Ballstáit an fíordheimhniú ina GUI a bhainistiú de réir na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (Rialachán eIDAS) ([10]).

([9]) Déanfaidh EMSA staidéar féidearthachta chun eilimintí sonraí a shainaithint le haghaidh athúsáid fhéideartha, agus aon teorainneacha agus coinníollacha a fhorchuirtear le reachtaíocht fholuiteach agus le rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de á gcur san áireamh. Nuair a bheidh na sonraí sin sainithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá ann SafeSeaNet, a shásraí malartaithe sonraí agus a chomhéadain malartaithe sonraí, (lena n-áirítear na bearta agus an doiciméadacht slándála is gá) a uasghrádú chun go mbeifear in ann sonraí a athúsáid agus a chomhroinnt ar bhonn níos leithne idir IIMNanna.

([10]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73.

Seirbhís choiteann seolacháin (CAS)

Na sonraíochtaí maidir le CAS a cheanglaítear le hAirteagal 13(2) de Rialachán EMSWe, de réir an sceidil atá ann tá siad le glacadh go táscach faoi R3 2024. Táthar ag súil leis go gcuirfear tús le forbairt na seirbhíse seo nuair a bheidh an RIM maidir le tuairisciú curtha chun feidhme ina iomláine.

Bunachair Sonraí

Tá Bunachar Sonraí Long EMSWe, an Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann agus an Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha á bhforbairt faoi láthair ag EMSA mar a bhí beartaithe. Thug EMSA an Treoir Comhéadain Córas (SIG) – treoir maidir le gach ceann de na trí bhunachar sonraí sin – chun críche agus cuireadh ar fáil go poiblí í i mí na Bealtaine 2024 ([11]). Táthar ag súil leis go gcuirfear forbairt na mbunachar sonraí i gcrích ag deireadh R3 2024 nuair a bheidh EMSA réidh tástálacha coimisiúnaithe a dhéanamh leis na Ballstáit.

A mhéid a bhaineann leis an mBunachar Sonraí maidir le Sláintíocht Long, tá a chur chun feidhme fós ag céim na pleanála, agus cuirfear tús leis an obair maidir lena shonraíochtaí a tharraingt suas go táscach in 2025. A luaithe a chuirfear an bunachar sonraí sin ar fáil, bainfidh údaráis inniúla sláinte na mBallstát úsáid as chun sonraí a mhalartú eatarthu i gcúloifig IIMN.

Amchlár mionsonraithe

Comhpháirteanna agus seirbhísí coiteanna	Stádas	Bunlíne									
		2024		2025				2026			
		R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
RIM											
RIM v2.0 le bailíochtú seoltóra	curtha i gcrích										
RIM v3.0 le bailíochtú comhréire ([1])	curtha i gcrích										
RIM v3.1 le bailíochtú séimeantach feabhsaithe		X									
MIG v1.0 le scéimrí teachtaireachta		X									
(*) Comhtháthú agus tástáil MS		X	X	X	X	X	X	X	X	X	X
URAM											
Seirbhís lárnach fíordheimhniúcháin	curtha i gcrích										
Clárlann lárnach	curtha i gcrích										
(*)Comhtháthú le córais RIM na mBallstát ([2])		X	X	X	X	X	X	X	X	X	X
CAS											
Nóid lárnacha a bhunú			X	X							
(*) Comhtháthú agus tástáil MS				X	X	X	X	X	X	X	X
Bunachar sonraí long EMSWe (ESD)											
Tacar sonraí tagartha agus SIG	curtha i gcrích										
Forbairt bunachair sonraí lárnaigh		X									
(*)Comhtháthú le córais MS		X	X	X	X	X	X	X	X	X	X

([11]) http://emswe-db-sig.emsa.europa.eu/.

Comhpháirteanna agus seirbhísí coiteanna	Stádas	Bunlíne									
		2024		2025				2026			
		R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Tástálacha coimisiúnaithe			X	X	X	X	X	X	X	X	X
Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann											
Tacar sonraí tagartha agus SIG	curtha i gcrích										
Forbairt bunachair sonraí lárnaigh		X									
(*)Comhtháthú le córais MS		X	X	X	X	X	X	X	X	X	X
Tástálacha coimisiúnaithe			X	X	X	X	X	X	X	X	X
Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha											
Tacar sonraí tagartha agus SIG	curtha i gcrích										
Forbairt bunachair sonraí lárnaigh		X									
(*)Comhtháthú le córais MS		X	X	X	X	X	X	X	X	X	X
Tástálacha coimisiúnaithe			X	X	X	X	X	X	X	X	X

(*) Braitheann gníomhaíochtaí comhtháthaithe agus tástála comhréireachta comhpháirteanna coiteanna agus seirbhísí lárnacha ar infhaighteacht agus ar phleanáil náisiúnta gach Ballstáit.
([1]) RIM arna fhorbairt gcomhréir le sonraíochtaí RIM.
([2]) Ní bheidh seirbhísí lárnacha URAM ar fáil ach amháin i dtástálacha inghlacthachta le linn an chomhtháthaithe le córais RIM na mBallstát. Tar éis na tástála, beidh seirbhísí URAM ar fáil sa timpeallacht táirgthe.

6. **An Rialachán a chur i bhfeidhm**

Rinneadh dul chun cinn ar **obair an Choimisiúin i gcomhréir le nuashonrú 2023 ar an bplean cur chun feidhme ilbhliantúil** ([12]), go háirithe i dtrí réimse: (i) sonraíochtaí RIM agus URAM a ghlacadh; (ii) leagan 3.0 de RIM a eisiúint; agus (iii) infhaighteacht seirbhísí URAM, lena gcumasaítear tús a chur le cur chun feidhme náisiúnta.

Ar thaobh an Choimisiúin, tá tástáil comhpháirteanna coiteanna agus seirbhísí lárnacha (gan an Bunachar Sonraí coiteann maidir le Sláintíocht Long agus CAS a áireamh go dtí seo) le córais na mBallstát ar fáil **ón dara leath de 2024**, agus déanfar í de réir infhaighteacht agus ullmhacht na mBallstát.

Ó thaobh na mBallstát de, cé go bhfuil tús curtha **de réir a chéile** ag **roinnt** Ballstát leis na gníomhaíochtaí cur chun feidhme atá faoina bhfreagracht, tá cinn eile ag dul chun cinn níos moille ná mar a bhí beartaithe ar dtús, agus na moilleanna a thuairiscítear thuas á gcur san áireamh freisin. Táthar ag súil nach ndéanfar an cur chun feidhme a shioncrónú idir na Ballstáit agus go ndéanfar é go táscach thar thréimhse suas le 18 mí ón dáta cur i bhfeidhm i Rialachán EMSWe a socraíodh an 15 Lúnasa 2025. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin trí úsáid a bhaint as suirbhéanna agus dlúthchomhar a dhéanamh leis na Comhordaitheoirí Náisiúnta. Tacóidh an Coimisiún freisin leis na Ballstáit ar leibhéal teicniúil agus gnó chun a áirithiú go ndéanfar na comhpháirteanna coiteanna agus na seirbhísí lárnacha sna IIMNanna uile a chomhtháthú agus a thástáil i gceart agus go pras.

([12]) IO C, C/2023/100, 6.10.2023.